C/2025/4669

19.8.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12022 — ARDIAN / BURRUS GROUP / DIOT SIACI GROUP)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/4669)

1. An 6 Lúnasa 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Ardian France SA ('Ardian', an Fhrainc), faoi rialú Ardian Holding SAS,

— Christian Burrus trí na cuideachtaí atá faoina rialú ('Grúpa Burrus', an Fhrainc),

— Grúpa Diot Siaci, faoi rialú comhpháirteach Ontario Teachers' Pension Plan agus Ghrúpa Burrus.

Gheobhaidh Ardian agus Grúpa Burrus, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, rialú comhpháirteach ar Ghrúpa Diot Siaci.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Ardian: gnólacht cothromais phríobháidigh a bhainistíonn, trína fhochuideachtaí, roinnt cistí infheistíochta, agus a chuireann chomhairle orthu,

— Grúpa Burrus: táirgeadh árachais, soláthar seirbhísí teicneolaíochta airgeadais, bainistíochta airgeadais agus comhairle airgeadais.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó Ghrúpa Diot Siaci: dáileadh táirgí árachais agus athárachais, soláthar seirbhísí frithgheallta agus bainistíochta árachais d'árachóirí agus d'athárachóirí, sainchomhairleoireacht bainistíochta, comhairle maidir le sochar scoir, seirbhísí earcaíochta buana agus bainistíochta.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an tionscadal atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12022 — ARDIAN / BURRUS GROUP / DIOT SIACI GROUP

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË